Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2016**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0140 (COD)**

**14895/2/16**
**REV 2 ADD 1 REV 1**

**CODEC 1748**
**AGRI 637**
**VETER 131**
**AGRILEG 183**
**ANIMAUX 29**
**SAN 409**
**DENLEG 86**
**PHYTOSAN 40**
**SEMENCES 18**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh 999/2001, (CE) Uimh 396/2005, (CE) Uimh 1069/2009, (CE) Uimh 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh 1/2005 agus (CE) Uimh 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 854/2004 agus (CE) Uimh 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) **(An chéad léamh)**<br>- Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón nGearmáin, an Ghréig, an Danmhairg, Lucsamburg, Málta, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn, an Fhionlainn, Éire agus an Ríocht Aontaithe**

Tugaimid dár n-aire go dtagraíonn na téarmaí 'orgánach díobhálach' agus 'lotnaid' don choincheap céanna i ngníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais, agus go n-úsáidtear iad ar bhealach coibhéiseach.

Réasúnaíocht:

Ós rud é go mbaintear leas, i ngníomhartha dlíthiúla de chuid an Choimisiúin agus i Rialacháin agus i dTreoracha ón gComhairle atá ann faoi láthair (e.g. Treoir 93/85/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/138/AE ón gCoimisiún), as an téarma 'orgánach díobhálach' freisin a mbaineann an bhrí chéanna leis agus a mbaintear leas as ar bhealach coibhéiseach, ba cheart a léiriú go soiléir gur comhchiallaigh iad 'lotnaid' agus 'orgánach díobhálach' chun nach mbeidh aon éiginnteacht ann agus na gníomhartha dlíthiúla AE atá ann faoi láthair agus an Rialachán nua de chuid an AE i ndáil le Sláinte Plandaí agus an Rialachán nua maidir le Rialuithe Oifigiúla á gcur i bhfeidhm.